www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Leictreachas, Tonnta agus Cumarsáid

## Modúl 5

## Bonnsraith

## [GSC51]

GSC51

**DÉ hAOINE 20 BEALTAINE 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Taispeánann an grianghraf thíos lialann fiaclóra.



*© iStockphoto / Thinkstock*

**(a)** **(i)** Nuair a bhíonn fiaclóir ag amharc ar fhiacla, feiceann sé tonn á frithchaitheamh i scáthán. Ainmnigh an cineál toinne seo.

Roghnaigh ó:

**infridhearg** **solas infheicthe** **gáma-ghathanna**

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**ultraivialait** **micreathonnta** **X-ghathanna**

Úsáideann fiaclóir __________________ le grianghraif a ghlacadh de ghiall. [1]

**(iii)** Ainmnigh speictream na dtonn ina bhfuil na cinn uilig sin atá luaite i gcuid **(i)** agus i gcuid **(ii)** thuas.

Roghnaigh ó:

**leictreamaighnéadach** **leictreach** **maighnéadach**

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Is féidir leis an fhiaclóir ultrafhuaim a úsáid le fiacla a ghlanadh. Cé acu **dhá** cheann de na ráitis seo a leanas atá fíor?

1. Is fuaim í ultrafhuaim atá ró-ard le go gcluinfidh duine í
2. Tá minicíocht ultrafhuaime níos lú ná 20 000 Hz
3. Tá scanadh ultrafhuaime níos contúirtí ná X-ghathanna
4. Is fuaim í ultrafhuaim ar féidir le duine í a chluinstin
5. Tá minicíocht ultrafhuaime níos airde ná 20 kHz

____________ agus ____________ [2]

**(c)** Taispeánann an graf thíos an gaol idir fuinneamh tonn agus minicíocht tonn.




**(i)** Cén ráiteas thíos a chuireann síos ar an ghaol idir minicíocht agus fuinneamh?

**Ciorclaigh** an freagra ceart.

A ísle í minicíocht toinne, is amhlaidh gur mó fuinneamh atá aici.

A airde í minicíocht toinne, is amhlaidh gur mó fuinneamh atá aici.

A airde í minicíocht toinne, is amhlaidh gur lú fuinneamh atá aici. [1]

**(ii)** Cad iad na haonaid mhinicíochta?

Roghnaigh ó:


**méadair** **heirtseanna** **méadair sa soicind**

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Taispeánann an leáráid chiorcaid thíos dhá bholgán chomhionanna (A agus B) atá sraithcheangailte.




**(i)** Úsáid an tsiombail cheart lena thaispeáint cad é mar a chuirtear voltmhéadar leis an chiorcad leis an voltas trasna bolgán A a thomhas. [2]

**(ii)** Abair go gcuirtear cadhnraí breise leis an chiorcad. Déan cur síos agus tábhair míniú ar an rud a tharlóidh do na bolgáin ansin.

_______________________________________________

_____________________________________________ [2]

**(iii)** Abair go múchann ceann amháin de na bolgáin (A nó B). Déan cur síos agus tabhair míniú ar an rud a tharlóidh don bholgán eile ansin.

_______________________________________________

_____________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tá 6 V á soláthar ag na cadhnraí agus is é 2 A an sruth.

Úsáid an chothromóid:

$$\textbf{friotaíocht} = \frac{\textbf{voltas}}{\textbf{sruth}}$$

leis an fhriotaíocht a ríomh.

friotaíocht = ____________________ Ω [2]

**(c)** Sreang friotaíochta atá in úsáid i bhfiúsanna. Cad é a tharlóidh nuair a bhíonn barraíocht srutha ag sreabhadh trí fhiús?

________________________________________ [1]

**(d)** Seachas an fiús, ainmnigh dhá ghné sábháilteachta eile a bhaineann le plocóid 3 phionna.

1. ________________________________________ [1]

2. ________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 **(a)** Taispeánann an grianghraf thíos luchtaire guthán póca.



*© iStockphoto / Thinkstock*

**(i)** Nuair a bhíonn an luchtaire in úsáid, bíonn voltas 5 V agus sruth 2 A á sholáthar chuig an ghuthán aige.

Úsáid an chothromóid:

**cumhacht = voltas × sruth**

leis an chumhacht a bhíonn á soláthar chuig an ghuthán a ríomh.

cumhacht = ______________________ [2]

**(ii)** Cad é an t-aonad cumhachta?

Roghnaigh ó:

**giúl** **óm** **vata**

________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Micreathonnta a bhíonn in úsáid i nguthán póca le comharthaí a tharchur.

**(i)** Ainmnigh riosca sláinte is féidir a bheith ann mar gheall ar mhicreathonnta a bheith in úsáid i nguthán póca.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh dhá dhóigh leis an riosca sláinte seo a laghdú.

1. _______________________________________________ [1]

2. _______________________________________________ [1]

**(c)** Is féidir comharthaí digiteacha agus comharthaí analógacha a úsáid i nguthán póca. Luaigh buntáiste **amháin** as comharthaí digiteacha a úsáid.


_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

**4** Codanna den tsúil atá sa léaráid seo thíos.




**(a) (i)** Ainmnigh an cineál lionsa a bhíonn sa tsúil.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh ina hiomláine an fheidhm atá leis an lionsa sa tsúil.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b) (i)** Ainmnigh an fhadhb choitianta a bhaineann le radharc na súl nuair atá an lionsa róláidir.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh cad é mar a rachadh an fhadhb seo i bhfeidhm ar radharc an duine.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com


**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an léaráid thíos tonn á táirgeadh ar lingeán *slinky*.



**(a) (i)** Ainmnigh an cineál toinne thuas.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Creathanna is cúis le tonnta. Cén treo a mbíonn na creathanna ag tarlú de réir mar a bhíonn an tonn seo ag dul ó chlé go deas?

Roghnaigh ó:


**Bíonn na creathanna sa treo céanna leis an tonn**

**Bíonn na creathanna ar dronuillinn le treo na toinne**

**Bíonn na creathanna ar mhalairt treo leis an tonn**

_______________________________________________ [1]

**(b)** Léiríonn an léaráid thíos fuaimthonn.



**1 chearnóg = 1 cm**

**(i)** Cad é aimplitiúid na toinne thuas?

_______________________________________________ [1]


**(ii)** Cad é tonnfhad na toinne thuas?

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an pictiúr thíos beirt dhaltaí ag déanamh turgnaimh le luas fuaime in aer a fháil.



**(i)** Cuir síos ar mhodh is féidir leis na daltaí a úsáid.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(ii)** Cad é mar is féidir leis na daltaí a chinntiú go mbeidh na torthaí:

beacht? _______________________________________

_______________________________________________ [1]


iontaofa? _____________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Taispeánann an graf thíos an méid leictreachais a gineadh ar fud an domhain idir 1980 agus 2000 ó cheithre fhoinse dhifriúla fuinnimh.




**(a)** Ríomh an méadú a bhí ann ar an leictreachas a gineadh ó bhreoslaí iontaise sa tréimhse 20 bliain seo.

____________________ billiún kW [1]

**(b)** An méadú ar an leictreachas a gineadh ó fhoinsí inathnuaite, ní raibh sé chomh drámata céanna le méadú na mbreoslaí iontaise. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige. (Ní mór duit tagairt a dhéanamh don fhoinse inathnuaite atá i gceist.)

________________________________________

________________________________________

______________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** An méid leictreachais a bheidh á ghiniúint ó chumhacht núicléach sa bhliain 2030, táthar ag súil go mbeidh sé 5 huaire níos mó ná an méid a gineadh in 2000.

**(i)** Ríomh an méid leictreachais is féidir a bheidh á ghiniúint ó chumhacht núicléach in 2030.

_______________________ billiún kW [1]

**(ii)** Tá cumhacht núicléach níos fearr don timpeallacht ná mar atá breoslaí iontaise. Mínigh ina iomláine cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.